Ní maith le héinne mé

Sin Seán Siorc!
Tá sé gránna!
Féach a bhéal!
Tá sé gránna!
Féach a bhéal!

Tá fiacla móra agam
Tá fiacla móra agam
Ní maith le héinne mé (x 2)

Curfá:
Sin Seán siorc a deir na héisc
Nuair a fheiceann siad mé féin
Tá sé gránna, tá sé dána
Féach –
Féach a bhéal.

Tá sé gránna!
Féach a bhéal!

Bíonn ocras orm i gcónaí
Bíonn ocras orm i gcónaí
Ní maith le héinne mé (x 2)

Curfá

Ná bac leo a deir mo dhaid
Tá na fiacla sin an-deas
Is gearr go mbeidh mo Sheáinín mór
Is ní bheidh éinne ag magadh faoi mo stór

Tá fiacla móra agam
Tá fiacla móra agam
Ach tá mé sásta mar sin féin

© 2004 – Ceol agus Liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin

Tá fiacla móra agam,
Tá fiacla móra agam,
Na fiacla is fearr san fharraige go léir
Na fiacla is fearr san fharraige go léir

Réamhéisteacht:

- **Eiseamláirí teanga a bhféadfaí a mhúineadh, sula gcloiseann na páistí an t-amhrán:**

Tá fiacla móra agam:

Samplaí:

Tá _____ _____ agam:

Tá lámha beaga agam
Tá cosa fada agam
Tá súile móra agam
Tá méaracha gearra agam
Tá cluasa beaga agam

Bíonn ocras orm i gcónaí

Samplaí:

Bíonn _____ orm i gcónaí

Bíonn tart orm i gcónaí
Bíonn tuirse orm i gcónaí
Bíonn fearg orm i gcónaí
Bíonn áthas orm i gcónaí
Bíonn faitíos/eagla orm i gcónaí

- Ábhar an amhráin a phlé

Céard is siorc ann?

© 2004 – Ceol agus Liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin

Céard a bhíonn ar siúl aige?

An iasc deas é?

Cén fáth?

Iaréisteacht:

- Ábhar an amhráin a phlé:

Cén fáth go raibh Seán siorc brónach?

Cén fáth go raibh na héisc eile gránna leis?

An bhfuil Seán siorc brónach anois?

Cén fáth?

- **Tarraing pictiúr :**

Seán siorc agus na fiacla móra atá aige

Comhtháthú:

Drámaíocht/corpoideachas/mím:

Cuir ar siúl an t-amhrán agus lig do na páistí gluaiseacht a dhéanamh, ag imirt i rólanna. Seán siorc, na héisc eile, Daidí Sheáin.

© 2004 – Ceol agus Liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin

Eolaíocht:

Déan taighde ar an idirlíon faoin siorc agus an saol atá aige.

© 2004 – Ceol agus Liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin